2024/843

8.3.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/843 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Márta 2024

lena gceartaítear an leagan Portaingéilise d'Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breiseáin bia

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Portaingéilise d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 tá mí-aistriúcháin ar théarma i gCuid D, tábla 'Catagóirí bia', faoin mír '03.', sa cholún 'Ainm', agus i gCuid E, an tábla 'Breiseáin bia údaraithe agus coinníollacha úsáide i gcatagóirí bia earraí bia', uimhir chatagóir '03', sa tuairisc catagóire (teideal) agus san iontráil E 405, sa cholún 'Srianta/Eisceachtaí', lena gcúngaítear raon feidhme táirgí inar féidir breiseáin bia áirithe a úsáid.

(2) Sa leagan Portaingéilise d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 tá mí-aistriúchán ar théarma i gCuid 4, tábla 'Breiseáin bia lena n-áirítear iompróirí i mblastáin bia', iontráil E 423, sa chéad ró den cholún 'Catagóirí blaistithe ar féidir an breiseán a chur leo', lena gcúngaítear raon feidhme na dtáirgí inar féidir breiseáin bia áirithe a úsáid.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Portaingéilise d'Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tugadh isteach na mí-aistriúcháin sin le dhá ghníomh ón gCoimisiún, mar atá Rialachán (AE) Uimh. 1129/2011 ([3]) agus Rialachán (AE) 2015/647 ([4]). Dá bhrí sin, ar bhonn na gcumhachtaí a bhronnann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún chun Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a leasú in Airteagal 10(3) den Rialachán sin, glacann an Coimisiún an gníomh ceartúcháin sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis na tuairimí ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna seachadadh sular glacadh Rialachán (AE) Uimh. 1129/2011 agus Rialachán (AE) 2015/647,

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1129/2011 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2011 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta Aontais de bhreiseáin bia a bhunú (IO L 295, 12.11.2011, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE) 2015/647 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 lena leasaítear agus lena gceartaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le breiseáin bia áirithe a úsáid (IO L 107, 25.4.2015, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN